nuachtncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Nollaig 2011 Eagrán 6

Clár

Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle 1
Oideachas speisialta 2
Nuashonrú: Comhairle NCSE faoin mbeartas 2
Acmhainní scoile 4
Nuashonrú: Gníomhaireacht Eorpach 10
Nuacht SENO 3
Club um Scileanna Sóisialta agus Teanga 3
Nuashonrú ar an Taighde 5
Comhdháil NCSE faoin Taighde 2011 5
Creat Cuimsitheach NCSE 5
Comhthionóil Ghinearálta IEA 9

Is tuairimí na n-údar aonar iad na tuairimí a léirítear sa nuachtlitir seo agus ní chiallaíonn sin go bhfuil siad formhuinithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle

Ag druidim le deireadh na bliana arís ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí NCSE le linn 2011. Díol suntais é ag tús na bliana teacht an POF nua, Teresa Griffin, ag deireadh mhí Márta.

Ba bhliain an-ghóthach í seo inar baineadh amach mórán. Go luath in 2011, bhí an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) den tuairim go raibh sé riachtanach, mar chuid den Chlár um Théarnamh Náisiúnta, an scéim a athrú ar mhaithe le huaireanta breise acmhainne a leithdháileadh agus le huasteorainn 10,575 post a chur ar líon na bpost coibhéise lánaimseartha do chúntóirí riachtanas speisialta i scoileanna. Thug an NCSE socruithe leasaithe isteach chun na scéimeanna thuasluaite a chur chun feidhme, i gcomhar leis na Comhpháirtithe Oideachais. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na Comhpháirtithe Oideachais agus na scoileanna as a gcomhoibriú maidir leis na socruithe leasaithe agus as na spriocdhátaí a bhaint amach i ndáil le hiarratais a chur isteach.

I bhfianaise na géarchéime atá ann faoi láthair, tá áthas ar an gComhairle go dtugann DES tús áite i gcónaí don oideachas speisialta. Tá acmhainní faoi leith fós sna scoileanna chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus de réir an bhuiséid a bhí ann le déanaí fanfaidh an líon SNAanna agus múinteoirí acmhainne mar atá. Tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go leithdháilfear na hacmhainní atá ann ar scoileanna i gcomhréir le beartas an Rialtais agus ar bhealach tráthúil, comhsheasmhach agus cothrom i dtreo is go n-úsáidfear na hacmhainní ar an mbealach is éifeachtaí chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Bealach amháin ina gcuireann an Chomhairle faisnéis ar fáil maidir le dea-chleachtas in oideachas speisialta ná an clár foilseacháin a bhí mar a leanas in 2011:

- *An Creat Cuimsitheach Oideachais*, is é acmhainn nua do scoileanna chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú sna scoileanna.
- Treoir nua, *Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu – Bileog Faisnéise do thuismitheoirí* ina gcuirtear faisnéis ar fáil, don chéad uair ar an réimse iomlán tacaíochtaí oideachais atá ar fáil i scoileanna do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Ina theannta sin, foilsíodh ceithre thionscadal nua faoin taighde ar láithreán gréasáin NCSE ar na gnéithe seo a leanas:

- *Oideachas do leanaí atá corraithe nó a bhfuil deacrachtaí iompair acu*
- *Rochtain ar an gcuraclam do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna bunscoile príomhshrutha*
- *An tábhacht a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais in Éirinn*
- *Fardal foilseachán a bhaineann le taighde agus beartas in oideachas speisialta.*

Tionóladh an tríú comhdháil bhliantúil faoin taighde i mí na Samhna 2011 ina raibh roinnt cur i láthair spéisiúil ó chlár taighde NCSE agus ar ghnéithe tábhachtacha eile den oideachas speisialta. Tá áthas orainn go ndeimhnítear le measúnuithe na rannpháirtithe gur mheasadar go raibh na cur i láthair ar ardchaighdeán, agus go raibh siad ábhartha don obair agus dá réimsí inspéise. Tá tuairisc iomlán den chomhdháil seo ar fáil san eagrán seo den nuachtlitir.

Tá an Comhairle fós ag forbairt an chláir maidir le comhairle faoi bheartas atá aici agus chuir sí comhairle ar an ról a bheidh amach anseo ag scoileana agus ranganna speisialta faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i bhFeabhra 2011. Cuireadh comhairle maidir le leanaí atá bodhar nó a bhfuil moill éisteachta orthu faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna le déanaí. Tá sé beartaithe go mbeidh seoladh oifigiúil den pháipéar seo roimh a fhoilsithe in Eanáir 2012.

Tá a fhios ag an gComhairle gur bhliain chrua í 2011 do a lán teaghlach agus go bhfuil fadhbanna eacnamaíocha fós i ndán dúinn. Ba mhaith linn a dheimhniú daoibh go bhfuilimid fós diongbháilte d'obair chrua a dhéanamh chun na cuspóirí straitéiseacha atá againn a bhaint amach chun leas na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun leas a dteaghlach.

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle agus na Comhairle feidhmiúcháin, ba mhaith linn "Nollaig shona" agus "athbhliain faoi shéan is faoi mhaise" a rá lenár gcuid léitheoirí ar fad.

Sydney Blain

Nuashonrú: Comhairle NCSE faoin mbeartas

Leabhrán nua faisnéise do thuismitheoirí na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá áthas ar an NCSE foilseachán nua a fhógairt – Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu – Leabhrán faisnéise do Thuismitheoirí ina gcuirtear faisnéis ar fáil do thuismitheoirí, don chéad uair, ar an réimse iomlán tacaíochtaí oideachais atá ar fáil i scoileanna do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.



Tá sé léirithe le déanaí i suirbhé de thuairimí na dtuismitheoirí faoi choimisiún na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) gur mheas 87% de thuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go raibh a leanaí sa socrúcháin scoile ceart agus bhí 75% sásta leis an tacaíocht a bhí ann dá leanaí. Mar sin féin, ba léir ón taighde go raibh gá le faisnéis níos fearr do thuismitheoirí.

Luaigh Teresa Griffin, POF, NCSE go bhfuil sé 'ríthábhachtach do gach tuismitheoir bheith ar an eolas faoi gach tacaíocht atá ar fáil i scoileanna ar fud na tíre dá leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Oibríonn an NCSE leis a lán tuismitheoirí gach lá. Cuirtear freagraí ar fáil sa leabhrán seo ar na ceisteanna rialta a bhíonn ag tuismitheoirí faoi na deiseanna oideachais agus na tacaíochtaí atá ar fáil dá leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.'

Chomh maith le faisnéis a chur ar fáil ar an réimse tacaíochtaí oideachais i scoileanna, cuirtear faisnéis ar fáil maidir le conas a dhéantar riachtanais oideachais leanaí a mheas agus cad a bheidh á fhoghlaim ag leanaí ar scoil.

D'fhear Áine Lynch, POF, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile, fáilte roimh an bhfoilseachán nua agus dúirt sí 'beidh sé ina acmhainn luachmhar agus cumhachtach do thuismitheoirí agus beidh teacht acu dá bharr ar an bhfaisnéis thábhachtach seo ar fad in aon áit amháin don chéad uair.'

Is féidir an leabhrán faisnéise a íoslódáil ónár láithreán gréasáin. Beidh cóipeanna crua ar fáil ón SENO áitiúil nó ó lároifig NCSE.

Tá sé beartaithe ag an NCSE chomh maith bileoga faisnéise a fhoilsiú ar réimsí éagsúla de Riachtanais Speisialta Oideachais. Nuair a bheidh siad foilsithe, beidh siad ar fáil mar chóip chrua agus ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Comhairle nua faoin mbeartas

Tá páipéar comhairleach faoin mbeartas maidir le hOideachas a chur ar leanaí atá bodhar nó a bhfuil moill éisteachta orthu curtha faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna le déanaí. Leagtar béim ar thábhacht an pháipéir chomhairligh seo faoin mbeartas trí fhianaise faoin taighde ina dtugtar le fios go bhfanann leibhéal mórghníomhartha acadúla leanaí atá Bodhar nó a bhfuil moill éisteachta orthu taobh thiar de na leanaí sin nach bhfuil bodhar agus a bhfuil an cumas céanna acu.

Tá comhairle NCSE faoin mbeartas bunaithe ar fhianaise ó thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ó na tuairimí a léirítear le linn an phróisis chomhairliúcháin. Beidh seoladh oifigiúil roimh an cháipéis seo a fhoilsiú in Eanáir 2012.

Tá na haighneachtaí a leanas ullmhaithe ag an NCSE le déanaí agus tá siad le híoslódáil ó Foilseacháin – Cuid do bheartais ar ár láithreán gréasáin:

- Aighneacht NCSE chuig an bhFhóram maidir le Patrúnacht agus le hIolrachas in Earnáil na mBunscoileanna
- Freagairt ón NCSE don Phlépháipéar maidir le Creat Rialála do Rollú.

An tAire Quinn ag freastal ar chruinniú de Chomhairle na NCSE

Bhí áthas ar an gComhairle fáilte a fhearadh roimh an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D. i gcruinniú na Comhairle le déanaí a tionóladh i mBaile Átha Troim, Co. na Mí.

Comhalta Nua den Chomhairle



Fearaimid fáilte roimh Maureen Costello mar ainmnitheach den Aire Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle. Is stiúrthóir í Maureen ar an tSeirbhís Siceolaíochta um Oideachas Náisiúnta. Tagann sí i gcomharbacht ar Teresa Griffin a ceapadh mar POF ar an NCSE níos túisce sa bhliain.

Club um Scileanna Sóisialta agus Teanga

Ó Helen Molloy, Múinteoir Tacaíochta Foghlama, Bunscoil an Easpaig Úí Fhoghlú, Ceatharlach, agus Lorraine Fleming, Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais, Ceatharlach/Cill Dara. San airteagal seo, tugann Helen cur síos ar conas ar tháinig an club um scileanna sóisialta agus teanga ar an bhfód sa scoil agus conas a oibríonn sé.

Cúlra/réasúnaíocht

In 2008 chuir múinteoir a raibh taithí aige ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht ghrúpa i dtimpeallacht réchúiseach ach struchtúrtha tús leis an gclub seo. Ag an am, bhí an múinteoir freagrach as dalta a raibh ASD aige agus ba chúis imní é a idirghníomhú sóisialta, a theanga shóisialta agus a fhorbairt shóisialta. I gcomhar leis an múinteoir EAL (Béarla mar theanga bhreise), comhaontaíodh go bhféadfadh timpeallacht dhea-shainithe agus struchtúrtha cur ar chumas dalta, chomh maith le páistí eile ón ngrúpa EAL, daltaí eile acmhainne agus daltaí atá molta ag an múinteoir, páirt a ghlacadh i dtimpeallacht dhearfa um fhoghlaim shóisialta ina bhfreastalófaí ar a riachtanais ar leith.

Tháinig an grúpa agus an struchtúr seo chun bhláth thar na blianta faoi mar a d'athraigh agus a d'fhorbair riachtanais an ghrúpa.

Aidhmeanna

- Féinmheas a chur chun cinn
- Deis a chur ar fáil do gach páiste rath a bheith orthu
- Timpeallacht struchtúrtha a chruthú chun rannpháirtíocht an ghrúpa a spreagadh
- Timpeallacht réchúiseach a chruthú chun teanga shóisialta a chur chun cinn.

Conas a fheidmíonn sé

Tá an club seo ag síorathrú bunaithe ar riachtanais éagsúla na ndaltaí. Ag tús na scoilbhliana, suímid síos le chéile mar mheitheal – múinteoirí tacaíochta agus cúntóirí riachtanas speisialta (SNAanna). Téimid i dteagmháil le múinteoirí ranga

chun daltaí a mholadh agus ansin cuirimid liosta daltaí le chéile don chlub (bíonn daltaí le huaireanta acmhainne agus le huaireanta EAL san áireamh). Tá an uair a chloig don chlub mar chuid de na huaireanta acmhainne san amchlár. Sonraímid na riachtanais aonar atá ag gach dalta agus cuirtear na grúpaí le chéile bunaithe ar na riachtanais sin. Bíonn dinimic iarbhír an ghrúpa i gcónaí difriúl i gcomparáid leis an gcuma a bhíonn air ar phár. Déanann an mheitheal athbhreithniú, dá bhrí sin, ar an dul chun cinn a dhéanann an grúpa agus pléann siad fadhbanna agus mórghníomhartha ar bhonn rialta. Pléimid é go neamhfhoirmiúil in aghaidh na seachtaine agus go foirmiúil gach 6-8 seachtain.

Tar éis liosta na ndaltaí a shocrú, tugtar freagrachtaí do gach duine fásta. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil páirt ag gach duine sa chlub fad a chruthaítear úinéireacht agus freagracht. Tá gach duine ag faire amach do na daltaí – Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Ní ar péire guallaí amháin a thiteann an t-ualach!

Le trí bliana anuas, bhí an t-ádh orainn cúig mhúinteoir tacaíochta agus cúig SNA a bheith againn chun freastal ar 30 dalta. I mbliana tá beirt mhúinteoir tacaíochta agus triúr SNA do 23 dalta. Mar sin féin tá ceathrar dalta ón Idirbhliain again ó Acadamh Naomh Muire, Ceatharlach a thagann chuig Scoil an Easpaig Úí Fhoghlú chun taithí oibre a dhéanamh. Tá an-tairbhe á baint as sin. Tá oiliúint faighte ag na daltaí seo uainn maidir leis an iompar agus an teanga iomchuí ar cheart a úsáid má tá tú ag obair leis na daltaí sin. Chabhraigh roinnt ábhar múinteoirí atá ar cuairt ón Spáinn linn leis an gclub chomh maith. Bhí an-chaidreamh idir na daltaí EAL agus na daltaí seo agus bhí dlúthpháirtíocht eatarthu in ainneoin tuine agus deacrachtaí teanga.

Baineann na daltaí níos mó leasa as bheith ag foghlaim trí chluichí agus bheith ag spraoi. Ligeann siad a scíth agus bíonn siad ag gáire d'ainneoin iad féin. Tá atmaisféar maith cruthaithe aige do na buachaillí seo timpeall na scoile. D'oibríomar ar fhéachaint sna súile, caint ar a uain, meon dearfa agus spreagadh dearfa, dea-iompar a mholadh, urlabhra sóisialta a mhúnlú, chomh maith le cothromaíocht, mionscileanna mótair agus ollscileanna mótair chun roinnt samplaí a lua. Bhí rath ar roinnt ghníomhaíochtaí agus ní raibh ar chuid eile díobh. Is é an rud faoin gclub seo ná táimid sásta triail a bhaint as rudaí éagsúla, go hiontach má oibríonn siad agus agus mura n-oibríonn is féidir filleadh ar na rudaí a oibríonn go maith. Tá sé tábhachtach bheith oscailte agus bheith ag faire amach do ghníomhaíochtaí a oireann do riachtanais na ndaltaí. Tá na stáisiúin athruithe, tá cluichí agus smaointí nua tugtha isteach ach ar an iomlán tá an leagan amach mar an gcéanna. Is féidir é a athrú, a eagrú agus a dhearadh chun freastal ar riachtanais aon scoile!

Tá an-chuid oibre i gceist leis an gclub a bhunú agus a eagrú. Ní inseoidh mé bréag agus a rá leat go bhfuil sé éasca ... mar níl. Bíonn a lán fuinnimh agus tiomantais ag teastáil ACH ní obair in

aisce é do na buachaillí agus na daoine fásta atá ann. Tá an club seo chun leas na scoile ina iomláine. Níl féidir na tairbhí ar fad a shamhlú fiú.

Má bhunaíonn tú club agus tá an chuma ar an scéal nach bhfuil ag éirí leat, coinnigh ort. Tóg d'am agus athraigh cúpla rud go dtí go dtagann feabhas ar chúrsaí. Níl aon rud níos fearr ná buachaill a fheiceáil a bhí ag stánadh ar an talamh le bliain anuas agus anois atá ag teacht i do threo síos an halla agus lonrach sna súile aige...

Helen Molloy, Deireadh Fómhair 2011

Mar an Eagraí Riachtanas um Oideachas Speisialta (SENO) do cheantar Cheatharlach/Chill Dara le roinnt bhlianta anuas, táim ar an eolas faoin gClub um Scileanna Sóisialta agus Teanga i Scoil an Easpaig Úí Fhoghlú, Ceatharlach. Ní raibh mé róchinnte cad a bhí i gceist leis an gclub seo ach chuala mé go minic cé chomh hiontach is a bhí sé. Tá dearcadh an-dearfa ag na daltaí a ghlacann páirt ann agus nuair a bhualimse le tuismitheoirí luann siad é sin. Scaipeann an dearcadh dearfa ar fud na scoile agus tá sé le sonrú sna ranganna, i gclós na scoile agus go háirithe sa Chlub um Scileanna Sóisialta agus Teanga.

Tar éis an club a fhiosrú ón bpríomhoide, Tony Crowe, bhí an múinteoir Tacaíochta, Helen Molloy sásta a ghaois a roinnt liom. Bhí ríméad orm glacadh leis an gcuireadh uaithi chun féachaint ar an gclub faoi lán seoil. An chéad rud a chuaigh i bhfeidhm orm ná go raibh siad go léir sásta bheith ansin, bhí siad dírithe ar na tascanna i gcónaí agus bhí a fhios acu an t-am ar fad cad ba chóir a bheith idir lámha acu agus cén áit ar chóir dóibh a bheith. Labhair mé leis na buachaillí agus chuir mé an cheist orthu cad é an rud is fearr faoin gclub dóibh. I measc na bhfreagraí bhí aerhaca, Lego agus kurling. Measann an fhoireann go bhfuil sé go maith go bhfuil buachaillí ag meascadh le buachaillí eile nach meascann siad leo de ghnáth (tá an-chuid ranganna i gceist). Dúirt na daltaí ón Idirbhliain (TY) gur mheasadar go raibh muinín na mbuachaillí ag fás is ag forbairt le linn na seachtainí ina raibh baint acu leis an gclub.

Le linn an tseisiúin a chonaic mé, chaith na grúpaí deich nóiméad ag stáisiún amháin agus nuair a séideadh an fheadóg bhogadar go dtí an chéad stáisiún eile. Dhírigh gach stáisiún ar scileanna éagsúla m.sh. scileanna ollmhótair, mionmhótair, éisteachta/teanga agus scileanna idirghníomhacha/comhoibritheacha. Níl a fhios agam an dtuigeann an fhoireann lena mbaineann cé chomh speisialta is atá an club. Chun achoimre a thabhairt ar rath an chlub, déarfainn go bhfuil an obair chrua a dhéantar ar na seisiúin in aghaidh na seachtaine ar bharr an liosta mar aon leis an struchtúr soiléir.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le cách a bhfuil baint acu leis an gClub um Scileanna Sóisialta agus Teanga i Scoil an Easpaig Úí Fhoghlú as a bhflaithiúlacht maidir lena ngníomhaíocht iontach a thaispeáint dom. Tá buíochas speisialta tuillte ag Helen Molloy agus Helen O'Neill, a d'fhreagair mo chuid ceisteanna go foighneach, do na daltaí sa chlub, do na SNAanna agus do na daltaí san Idirbhliain as an méid a rinne siad agus do Tony Crowe, an príomhoide as mo chuairteanna a éascú.

Loraine Fleming-Farrell

Acmhainní scoile

Is é ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ná faisnéis a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ceann de na bealaí atá ar fáil chun seo a bhaint amach ná faisnéis a chur ar fáil ar láithreán gréasáin NCSE. Tar éis an phróisis um leithdháileadh ina phróiseálann an NCSE iarratais i ndáil le riachtanais speisialta oideachais de bharr iarratas ó scoileanna, tá an NCSE tar éis an fhaisnéis atá ar fáil do thuismitheoirí agus do scoileanna ar ár láithreán gréasáin a nuashonrú. (http://www.ncse.ie/statistics/national.asp).

Cuirtear faisnéis ar fáil sna staidrimh do thuismitheoirí, scoileanna agus don phobal i gcoitinne ar bhonn gach scoil ar leith ina gcuirtear in iúl an líon Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) agus an leibhéal Uaireanta Múinteoireachta Acmhainne (RTH) a leithdháiltear ar gach scoil. Is féidir teacht ar an bhfaisnéis ar bhonn gach tíre ina fhaightear figiúr foriomlán náisiúnta do SNAanna agus RTHanna araon. Déanfar an fhaisnéis a nuashonrú ó am go chéile le linn na scoilbhliana ina bpróiseáiltear iarratais bhreise ar thacaíochtaí speisialta oideachais.

Comhdháil NCSE faoin Taighde 2011

D'fhreastail níos mó ná 150 toscaire ar an tríú comhdháil bhliantúil taighde i bPáirc an Chrócaigh i Samhain agus chuala siad an chomhairle i dtaca le taighde agus beartas maidir le hoideachas speisialta ón NCSE. D'oscail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald TD an Chomhdháil agus seo a bhí ann:

- an Creat um Oideachas Cuimsitheach NCSE a sheoladh, uirlis phraiticiúil do scoileanna;
- cur i láthair ar dhá staidéar NCSE a críochnaíodh le déanaí maidir le rochtain ar an gcuraclam do dhaltaí óga sa bhunscoil a rinne taighdeoirí ó Ollscoil Bheannachair agus Coláiste Naomh Pádraig, Baile Átha Cliath, agus maidir le cé chomh forleathan is atá riachtanais speisialta oideachais a rinne taighdeoirí ón Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta;
- cur i láthair fíor-spéisiúil ón aoichainteoir an tOllamh Lani Florian, maidir le cleachtas cuimsitheach agus na himpleachtaí ar oideachas múinteoirí; agus
- páipéar maidir le comhairle faoi bheartas NCSE a tugadh le déanaí don Aire i ndáil leis an ról atá ag scoileanna agus ranganna speisialta.

Tá páipéir uile na comhdhála agus an dá staidéar NCSE faoin taighde ar fáil anois ar ár láithreán gréasáin. Tá an Creat um Oideachas Cuimsitheach, ábhar airteagail eile sa nuachtlitir seo agus aighneacht beartas NCSE i ndáil leis an ról atá ag scoileanna agus ranganna speisialta, ar fáil chomh maith ar an láithreán gréasáin.

D'fhreastail a lán geallsealbhóirí oideachais ar an ócáid aon lae amháin, lena n-áirítear tuismitheoirí, SNAanna, lucht acadúla, oifigigh ranna, grúpaí tathanta, siceolaithe oideachais, cigirí agus ionadaithe ó cheardchumainn na múinteoirí agus comhlachtaí eile. Más mian leat bheith ar an liosta r-phost do chomhdháil na bliana seo chugainn seol r-phost chugainn ag NCSEResearch@ncse.ie.

Tá tuairiscí ar na cur i láthair faoin taighde agus an páipéar faoin mbeartas ar fáil sa nuachtlitir seo.

Fearann Teresa Griffin, POF, NCSE fáilte roimh an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Ag seoladh an Chreata um Oideachas Cuimsitheach NCSE; Líne chúil C go D – Ceannaire Taighde agus Forbartha Jennifer Doran, Cathaoirleach: Sydney Blain, POF, Teresa Griffin, NCSE. Líne thosaigh C – D an Dr Seamus Hegarty, an Dr Jean Ware agus an tOllamh Lani Florian.

Creat Cuimsitheach NCSE



Sheol NCSE acmhainn nua do scoileanna le déanaí chun leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú. Leagtar béim sa Chreat um Oideachas Cuimsitheach ar dhea-chleachtais cuimsitheachta agus iarrtar ar scoileanna ann a léiriú cad atá á dhéanamh go héifeachtach acu cheana féin, aithnítear réimsí ina bhfuil feabhas ag teastáilagus cuirtear pleananna i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na réimsí sin, agus déantar a leibhéal cuimsitheachta a mheas. Tá uirlisí soláimhsithe ag gabháil leis an gcreat chun tacú leis an bpróiseas.

Dúirt Michelle Doorley, Príomhoide Bhunscoil Bhaile an Chuilinn i gCeatharlach, a raibh baint aici leis an gcreat a thástail "Mheasamar mar fhoireann go raibh an creat thar a bheith éifeachtach chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú. Tugadh tús áite don oideachas cuimsitheach ar fud na scoile."

Tugtar spreagadh do gach scoil an acmhainn phraiticiúil seo a úsaid chun tús áite a thabhairt do chuimsitheacht i measc na foirne go léir agus i ngach gné de shaol na scoile. Athdheimhneoidh sé an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo. Nuair a chineann scoil an creat seo a úsáid, gheobhaidh siad deimhniú rannpháirtiochta ón NCSE ar féidir é a thaispeáint sa scoil, nó ar láithreán gréasáin na scoile, mar léiriú poiblí go bhfuil an scoil tiomanta do dhaltaí a chuimsiú. Tá cóipeanna den chreat ar fáil ó na heagraithe atá i mbun riachtanas speisialta oideachais nó ó lároifig NCSE agus tá sé le híoslódáil ar ár láithreán gréasáin.

Rochtain ar an gcuraclam do dhaltaí a bhfuil réimse riachtanas speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha – Scrúdú ar an taithí atá ag daltaí óga sa bhunscoil

Rinneadh scrúdú sa staidéar seo, faoi stiúir an Dr Jean Ware ag Ollscoil Bheannchair, ar rochtain ar an gcuraclam i measc daltaí a bhfuil réimse riachtanas speisialta oideachais acu ón naíonra suas go rang a dó. Ag baint úsáid as meascán de bhreathnóireachtaí ranga agus d'agallaimh le daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta (SNAanna) agus an lucht gairmiúil iomchuí eile, dhírigh an staidéar ar 46 dalta in aon scoil déag sa chás-staidéar.

Fuarthas amach sa staidéar go n-úsáideann múinteoirí réimsí straitéisí chun an curaclam a dhifreáil do leanaí óga a bhfuil SEN acu agus maidir leis an gcuid is mó de leanaí sa chás-staidéar, bhí gach rath ar na straitéisí seo chun rochtain ar an gcuraclam a éascú ar leibhéal iomchuí dá riachtanais, an chuid is mó den am. Áiríodh ar straitéisí a d'úsáid na múinteoirí eagrú an ranga a chur in oiriúint, ag baint úsáid as acmhainní breise nó acmhainní éagsúla, ábhar an cheachta a athrú agus ó am go chéile ag athrú na rudaí a rabhthas ag súil leo ó na daltaí nó ag baint úsáid as oideolaíocht speisialaithe. Ag an am céanna, fuarthas amach gurb í tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta (SNA) an fhoirm difreála is coitianta amach is amach.

D'aithin na taighdeoirí roinnt gnéithe tábhachtacha chun rochtain ar an gcuraclam a éascú. Ina measc bhí:

- Tacaíocht don mhúinteoir ranga ó: mhúinteoirí eile sa scoil a bhfuil saineolas acu i dtaobh SEN; ó mhúinteoirí atá ar cuairt agus ón lucht gairmiúil eile; agus ó thuismitheoirí.
- Tacaíocht do leanaí a bhfuil SEN acu ón múinteoir acmhainne/tacaíochta agus ón lucht gairmiúil atá ar cuairt.
- An Ról atá ag an SNA agus iad ag obair go díreach le leanaí a bhfuil SEN acu mar aon le tascanna eile a chur i gcrích.
- Ceannaireacht ón bpríomhoide sa scoil agus ón gcomhordaitheoir SEN (más ann don ról sin), chomh maith le cur chuige comhordaithe maidir le soláthar SEN a phleanáil sa scoil.
- IEP a chomhphleanáil agus a chur chun feidhme i measc na dtuismitheoirí, na múinteoirí scoile agus i measc fhoireann SEN na scoile.

Na gnéithe a bhí aitheanta ag na taighdeoirí mar chonstaicí ar rochtain, bhí siad mar chontráracht dóibh sin a bhí ag gníomhú mar éascóirí. Áirítear leo sin: easpa tacaíochta, easpa ama maidir le comhphleanáil agus cannaireacht nach bhfuil soiléir i ndáil le saincheisteanna SEN. Ina theannta sin, d'eascair trí ghné eile ón staidéar, mar atá:

- Easpa deiseanna oiliúna iomchuí: Mheas múinteoirí nach raibh a gcuid oiliúint thosaigh sásúil chun iad a ullmhú i dtreo is go mbeadh siad in ann freastal ar na daltaí a bhfuil SEN acu ar bhealach iomchuí, agus nach raibh forbairt ghairmiúil leanúnach, a gcuirfí ar a gcumas saineolas ábhartha a ghnóthú, ar fáil dóibh.
- Gnéithe a bhaineann le leanaí: mheas múinteoirí go raibh an cineál SEN atá ag leanaí (amhail lagú céadfach nó GLD meánach) ina bhac ar rochtain, ar an gcuraclam ina iomláine nó ar an gcuraclam ar leibhéal céanna a gcomhleacaithe.
- Gnéithe a bhaineann leis an scoil: Ag cailliúint amach ar roinnt ábhar ar leith sa churaclam trí dhíolúintí nó fad atá siad bainte amach ón ngnáthrang do na ranganna acmhainne, bhí sin ina chonstaic eile ar rochtain ar an gcuraclam.

Áirítear leis na saincheisteanna lárnacha a thug na taighdeoirí faoi deara a d'eascair as an staidéar an méid a leanas:

- an ról atá ag an SNA
- múinteoirí a mheas nach raibh siad ullmhaithe a dhóthain chun freastal ar dhaltaí a bhfuil SEN acu agus nach bhfuil rochtain acu ar CPD a chomhlíonfaí a riachtanais
- easpa ama le haghaidh comhair idir múinteoirí acmhainne, múinteoirí ranga agus SNAanna
- na difir idir scoileanna i ndáil leis an méid tacaíochta a bhí ann do mhúinteoirí ranga chun rochtain do dhaltaí a bhfuil SEN acu a éascú
- na difir idir scoileanna i ndáil le leibhéil na pleanála foriomláine maidir le SEN.

Fuarthas amach sa staidéar chomh maith go raibh cuimhní dearfa ag na daltaí agus na tuismitheoirí ar shaol na scoile. Thaitin an scoil leis an gcuid is mó de na daltaí; bhí an caidreamh le leanaí eile i gclós na scoile agus sa seomra ranga dearfa tríd is tríd agus dar leis na múinteoirí agus na tuismitheoirí araon ba ghné thábhachtach é bheith mar chuid den oideachas príomhshrutha. Bhí tuismitheoirí dearfa faoin scoil ach ní raibh siad chomh dearfa sin faoin measúnú foirmiúil ar SEN ina raibh easpa faisnéise chun iad a threorú tríd an bpróiseas seo ina shaincheist mhór. Bhí an caidreamh leis an bhfoireann dearfa tríd is tríd, ach thug na taighdeoirí faoi deara go bhféadfadh dlúthchaidreamh tacaíochta bheith ina bhac ar rannpháirtíocht iomlán lena gcomhleacaithe.

Rochtain ar an gcuraclam do dhaltaí a bhfuil réimse riachtanas speisialta oideachais acu – Scrúdú ar an taithí a bhíonn ag daltaí óga sa bhunscoil, Tuarascáil NCSE faoin Taighde Uimh. 8 a rinne an Dr Jean Ware, Ollscoil Bheannachair, an Dr Cathal Butler, Coláiste Naomh Pádraig (anois in Ollscoil Bheannachair) Christopher Robertson, Ollscoil Birmingham, an Dr Margaret O'Donnell, Coláiste Naomh Pádraig agus Magi Gould, Ollscoil Bheannachair.

Cliceáil anseo chun an tuarascáil a íoslódáil.

Sonraí nua forleithne maidir le riachtanais speisialta oideachais agus foghlama

Tá sé léirithe in anailís ESRI ar shonraí a rinneadh ar 8,578 dalta naoi mbliana d'aois ón staidéar 'Ag fás aníos in Éirinn (GUI)' go bhfuil ag tarraingt ar 25% dalta a bhfuil riachtanas speisialta oideachais nó foghlama acu de réir a múinteoirí nó a dtuismitheoirí. Rinneadh an anailís ar shonraí ón staidéar GUI don NCSE agus chuir taighdeoirí na príomhthorthaí i láthair ag Comhdháil NCSE faoin taighde i. an Dr Joanne Banks agus an Dr Selina McCoy ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Iarradh ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí sa staidéar GUI an raibh aon riachtanas nó deacracht ag na daltaí ó réimse leathan díobh idir casta agus éadrom. Áirítear leo sin mar shampla míchumais fhisiciúla, míchumais foghlama agus deacrachtaí foghlama, neamhoird chumarsáide agus neamhoird chomhordúcháin, dul chun cinn mall, fadhbanna tromchúiseacha sláinte fisiciúla nó intinne agus deacrachtaí mothúchánacha.

'Cuireann an reamh-mheastachán seo muid ar an eolas faoin réimse foghlaimeoirí éagsúla atá sa seomra ranga,' adúirt Jennifer Doran an Ceannaire um Thaighde agus Forbairt ag an NCSE. 'Leagtar béim leis ar a thábhachtaí is atá sé ár gCreat Cuimsitheachta Oidachais a fhoilsiú a bhfuil sé mar aidhm aige cabhair phraiticiúil a thabhairt do scoileanna leanúint ar aghaidh leis an obair thábhachtach atá ar bun aige maidir le gach dalta a chuimsiú. Ní hionann sin is a rá i gcomhthéacs an réamh-mheastacháin go mbeidh acmhainní breise ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt do na leanaí seo go léir, mar tá reimse leathan riachtanas ag na leanaí sin.'

Déantar comparáid sa tuarascáil ar na sonraí atá ar fáil maidir leis an leibhéal tacaíochta atá á chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chóras oideachais. Léirítear ann mar shampla sna tuairisceáin bhunscoile go raibh tacaíocht bhreise foghlama á cur ar fáil do thuairim is 17% den daonra sna bunscoileanna tríd an tSamhail Ghinearálta um Leithdháileadh (cé nach bhfuil na húdair róchinnte faoin bhfigiúr seo) fad a bhí 1.36% i scoileanna speisialta. Léirítear i bhfigiúirí 2010 go raibh 4.4% den daonra sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag fáil tacaíochta trí chóimheas níos isle daltaí-múinteoirí i ranganna speisialta nó trí uaireanta breise múinteoireachta acmhainne a chuirtear ar fáil do ranganna príomhshrutha.

Léirigh údair na tuarascála go bhfuil na torthaí seo ag teacht leo sin atá i staidéir idirnáisiúnta eile a rinneadh le déanaí. San Isiltír, d'aimsigh taighdeoirí ráta forleithne 26 faoin gcéad in 2010 chomh maith a bhí bunaithe ar thuairiscí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí. Ar an gcuma chéanna, bhí sé léirithe i dtaighde níos túisce sa RA gur mheas múinteoirí go raibh riachtanas speisialta oideachais ag 26 faoin gcéad de na leanaí.

Idir Meán Fómhair 2007 agus Bealtaine 2008, chuir an staidéar GUI 8,578 dalta naoi mbliana d'aois faoi agallamh chomh maith lena dtuismitheoirí agus a múinteoirí ar réimse leathan saincheisteanna. Rinneadh an anailís sin don NCSE ar an gcéad sraith sonraí ón staidéar GUI.

Tá Staidéar ar Fhorleithne na Riachtanas Speisialta Oideachais, Tuarascáil NSCE faoin Taighde Uimh 9, a rinne Joanne Banks agus Selina McCoy ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar fáil ag an nasc seo.



Tugann an NCSE comhairle don Aire faoin ról a bheidh ag scoileanna agus ranganna speisialta amach anseo

Leagtar béim sa chomhairle faoin mbeartas ar ról na scoileanna agus na ranganna speisialta amach anseo gur chóir oideachas a chur ar thromlach na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu taobh lena comhleacaithe i dtimpeallachtaí príomhshrutha. Mar sin féin, ag teacht le spiorad an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004, aithnítear leis an gcomhairle faoin mbeartas go bhfuil roinnt leanaí ann a bhfuil riachtanais acu atá chomh tromchúiseacht nó casta nach mbeadh sin chun a leasa. Ba cheart go mbeadh soláthar oideachais amach anseo do leanaí a bhfuil riachtanais acu nach féidir freastal orthu i ranganna príomhshrutha, ar fáil go háitiúil, a mhéid is féidir, i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta nó in aonaid speisialta ar an gcampas céanna le scoileanna príomhshrutha.

'Sa chur chuige seo, breathnaítear ar rangana agus scoileanna speisialta mar chuid de ghné thábhachtach de leanúntas solúbtha maidir le soláthar oideachais' de réir Mary Byrne, an Comhairleoir NCSE um Oideachas Speisialta. 'Níor chóir go gcuirfí daltaí i scoileanna nó ranganna speisialta ach tar éis measúnú iomlán a dhéanamh ar cén fáth nach mbeadh oideachas príomhshrutha oiriúnach dóibh, ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna atá ann iad a chuimsiú lena gcomhleacaithe in oideachas príomhshrutha agus ba chóir athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gceist.'

Moltar i bpáipéar comhairleach NCSE faoin mbeartas go bhfeabhsaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna Cód Cleachtais, chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do thuismitheoirí agus don lucht gairmiúil i ndáil le cinntí maidir le socrúcháin.

Agus é a thabhairt faoi deara nach bhfíreoidh an fhís sin inniu nó amárach, tugann an NCSE roinnt mholtaí tábhachtacha eile maidir leis an ról a bheidh ag scoileanna agus ranganna speisialta, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Ba cheart scoileanna speisialta a ainmniú chun freastal ar dhaltaí sa phobal a bhfuil timpeallacht speisialta ag teastáil uathu, in ionad bheith teoranta d'aon chatagóir ar leith míchumais.
- Ba cheart féachaint ar ainmniú gach scoil speisialta mar bhunscoil, go háirithe ós rud é go bhfuil an méid sin daltaí ag aistriú go scoileanna speisialta ag aois na meánscoile nó roimhe sin.
- Ba cheart cláir a athbhreithniú agus deimhniú a chur ar fáil do dhaltaí meánscoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, i scoileanna speisialta agus príomhshrutha araon, a dhéanamh ag an NCCA lena chinntiú go bhfuil réimse roghanna do dhaltaí agus do thuismitheoirí.
- Ba cheart go gcuirfí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa phobal san áireamh agus an phleanáil do scoileanna nua príomhshrutha á dhéanamh. Ba cheart go mbreathnófaí i gcás mórchlár tógála scoileanna nua ar scoileanna speisialta nó aonaid ar an láthair a chur ann chomh maith. Ba cheart go mbreathnófaí le cláir tógála scoile, i gceantair ina bhfuil scoileanna speisialta lonnaithe, ar an bhféidearthacht atá ann riachtanais speisialta na scoile a chur san áireamh le haon scoil nua atá á tógáil.
- Ba cheart rochtain ar ranganna speisialta a a chur ar fáil timpeall na tíre ar bhealach pleanáilte, cothrom agus trédhearach. Ba cheart go n-éascófaí cur chuige cuimsitheach le ranganna speisialta ina dtugtar an deis do gach páiste bheith i ranganna príomhshrutha a mhéid is féidir.
- Ba cheart leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht ar chaighdeán an tsoláthair agus ar thorthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna speisialta agus i dtimpeallachtaí príomhshrutha.
- Féadfar go mbeidh gá le hidirghabhálacha ar leith oideachais a chur ar fáil go sealadach i dtimpeallachtaí speisialaithe do leanaí áirithe, mar shampla daltaí a bhfuil lagú amhairc acu agus a chaithfidh Braille a fhoghlaim nó daltaí atá bodhar agus a chaithfidh teanga chomharthaíochta a fhoghlaim.

Ag an gComhdháil faoin Taighde: C go D, Tom O'Sullivan, Comhalta na Comhairle, Mary Byrne, Comhairleoir Oideachais Speisialta NCSE, Teresa Griffin, POF, NCSE agus Sydney Blain, Cathaoirleach, NCSE

Tá taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse seo le sonrú sa pháipéar comhairleach faoin mbeartas chomh maith le plé ó Fhóram Comhairliúcháin NCSE. Áirítear ar an bhfóram seo ionadaithe ó thuismitheoirí, ó chomhlachtaí deonacha, ó eagraíochtaí bainistíochta scoile, ó cheardchumainn, ón Údarás Náisiúnta Míchumais ó Chumann Síceolaíochta na hÉireann agus eile.

Tá an páipéar comhairleach NCSE faoin mbeartas maidir leis an ról a bheidh amach anseo ag scoileanna agus ranganna speisialta in Éirinn ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

An Cumann Idirnáisiúnta (IEA) don Comhthionóil Ghinearálta um Mórghníomhartha Oideachais a Mheas

Oibríonn comhalta na Comhairle Seamus Hegarty ina am saor mar Chathaoirleach ar IEA, an Cumann Idirnáisiúnta chun Mórghíomhartha Oideachais a Mheas. Is comhlacht domhanda é sin agus is é an misean atá aige ná foghlaim agus múineadh a fheabhsú trí mhórstaidéir taighde comparáideacha a dhéanamh. Bunaíodh é i 1958 agus oibríonn sé i mbeagnach 100 tír. Tá ballraíocht na hÉireann ag an Ionad Taighde um Oideachas i gColáiste Naomh Pádraig.

Is iad TIMSS (Staidéar maidir le Treochtaí i Mata agus in Eolaíocht) agus PIRLS (Staidéar maidir le Dul chun cinn i Litearthacht Idirnáisiúnta maidir le Léamh) na príomhstaidéir a dhéanann IEA, ach áirítear ar réimsí eile a chlúdaítear oideachas maidir le saoránacht, litearthacht i ríomhairí agus oideachas do mhúinteoirí.

Tionólann an Cumann Comhthionóil Ghinearálta chun a staidéir éagsúla a mheas mar aon leis an tionchar a bhíonn acu, breathnaíonn siad ar ghníomhaíochtaí nua agus féachann siad chuig ábhair eagrúcháin. Bhí an Chomhthionóil Ghinearálta faoi óstaíocht údaráis na hÉireann i mbliana agus bhí áthas faoi leith ar Sheamus –a bhfuil seacht mbliana críochnaithe aige mar Chathaoirleach – fáilte a fhearadh roimh dhream mór oideachasóirí uaisle chuig a bhaile an Deireadh Fómhair seo (Ós rud é go ndéanann sé cinnte de go bhfearann sé fáilte roimh na toscairí i dteanga na tíre óstaí , bhí an cúram sin i bhfad níos fusa ná a bhí anuraidh nuair a tionóladh an Chomhthionóil in Botswana!).

Labhair an tAire Oideachais agus Scileanna Ruairí Quinn le toscairí ag an searmanas oscailte ag Óstán an Grand i Mullach Vçde agus mhol sé an tábhacht a bhaineann le bearta comparáideacha idirnáisiúnta maidir le foghlaim: agus gan iad tá bogásacht agus gnóthachtáil nach bhfuil sásúil ina síorbhagairtí. D'éirigh go maith leis an ngnó le linn na dtrí lá den Chomhthionóil agus bhí gach duine a bhí ann –an tinreamh is mó riamh ag Comhthionóil Ghinearálta IEA – an sásta leis an gcuairt go hÉirinn.

Ní obair amháin a bhí i gceist i gcónaí áfach. Tá sé de nós ag an tír óstach cuireadh a thabhairt do thoscairí chuig dinnéar agus d'fhear Brigid McManus, Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna fáilte roimh chách go Teach Farmleigh. Bhí na toscairí faoi dhraíocht le háilleacht chiúin na háite agus le ceol iontach an chláirseora Laoise Kelly agus ón bhfidléir Michelle O'Brien. D'fhan an chuid is mó de thoscairí don turas chuig Sí an Bhrú agus Caisleán Bhaile Átha Troime. Bhí lá den scoth acu faoi ghrian an fhómhair agus bhí siad ag filleadh abhaile le tobar cuimhní ó oileán na naomh is na n-ollamh.

C go D Peter Archer, Stiúrthóir an Ionaid Oideachais faoin Taighde, Ruairi Quinn, an tAire Oideachais agus Scileanna agus an Dr Seamus Hegarty, Cathaoirleach IEA. © Grianghraf a thóg Adrian O'Flaherty.

Nuashonrú: Gníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt in Oideachas Riachtanas Speisialta

Cruinniú débhliantúil

Tionóladh cruinniú débhliantúil na Gníomhaireachta Eorpaí um Fhorbairt in Oideachas Riachtanais Speisialta in Valetta, Málta ar an Déardaoin, 24ú Nollaig 2011. Ag an gcruinniú seo bhí ionadaithe náisiúnta, comhordaitheoirí náisiúnta agus foireann na Gníomhaireachta. Thug an Cathaoirleach Per Gunvall, faisnéis don chruinniú agus thug sé tuairisc ar an dul chun cinn i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ón gcruinniú débhliantúil roimhe sin in Bordeaux in Aibreán 2011.

Nuashonrú ar thionscadail na Gníomhaireachta

Oideachas Múinteoirí maidir le Cuimsitheacht (TE4I)

Tá sé mar phríomhchuspóir ag an tionscadal seo féachaint ar conas a thugtar oiliúint do gach múinteoir bheith cuimsitheach san oiliúint thosaigh a fhaigheann siad. Tá sé beartaithe chomh maith próifíl na múinteoirí cuimsitheacha a fhorbairt chomh maith. Tá an leagan Béarla den tuarascáil sintéise foilsithe agus tá sé ar fáil ar limistéar gréasáin TE41 na Gníomhaireachta, chomh maith le faisnéis tionscadail ag: http://www.european-agency.org/agency-projects/teacher-education-for-inclusion.

Tionólfar an Chomhdháil um scaipeadh maidir le chríochphointe an tionscadail ón 29ú Feabhra go dtí an 2ú Márta 2012 sa Bhruiséil. Tá próifíl na múinteoirí cuimsitheacha á athdhréachtú agus cuirfear é chuig saineolaithe tíre ag iarraidh tuairimí faoi dheireadh na bliana. Seolfar an phróifíl dheiridh ag an gcomhdháil chomh maith leis na hábhair um scaipeadh.

Is iad na saineolaithe ar an tionscadal seo ná Áine Lawlor, POF, an Chomhairle Múinteoireachta agus Alan Sayles, Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES).

Gairmoideachas agus Gairmoiliúint: Beartas agus Cleachtas i réimse SNE (VET)

Is é príomhchuspóir an tionscadail seo príomhghnéithe clár VET d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus a scrúdú, ar foghlaimeoirí iad atá idir 14 agus 25 bliain d'aois agus a bhfuil nasc soiléir acu le deiseanna fostaíochta. Ní amháin go bhfuil cuspóir ann a thuiscint cad a oibríonn i VET, ach tuiscint níos fearr a fháil ar cén fáth go n-oibríonn sé.

Díríonn gníomhaíochtaí VET go mór mór ar an anailís ar chleachtais tíre VET. Is é an cuspóir atá ann ná anailís a dhéanamh ar shampla amháin de chleachtas i ngach ceann de na tíortha a bhfuil baint acu leis an tionscadal seo. De réir an sceidil, tionólfar comhdháil an tionscadail dheiridh sa Chipir i Samhain 2012 nuair a chuirfear torthaí an tionscadail i láthair agus nuair a phléifear é.

Is iad saineolaithe tíre na hÉireann ná Rory O'Sullivan, Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Chill Easra agus Finn O'Murchu, Cigire, DES.

Soláthar a eagrú chun Tacaíocht a thabhairt d'Oideachas Cuimsitheach

Dírítear leis an tionscadal tosaíochta 3 bliana seo ar oideachas cuimsitheachta a eagrú san earnáil scoile eigeantach, poiblí. Is é an sprioc atá ann ná na gnéithe a aithint sa soláthar príomhshrutha atá éifeachtach chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i dtimpeallachtaí ina gcuimsítear gach dalta. Is fócas ar leith é an ról atá ag scoileanna speisialta agus ag an earnáil speisialta chun timpeallachtaí príomhshrutha a thacú agus déanfar sin a scrúdú trí litríocht taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a athbhreithniú chomh maith le suirbhé tíre de na tíortha go léir atá rannpháirteach.

Ceapfar Grúpa Comhairliúcháin Tionscadail agus comhairleoirí seachtracha an tionscadail taobh le foireann na Gníomhaireachta.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) maidir le Cuimsitheacht

Is nuashonrú bliantúil ar an tionscadal é seo maidir le tionscadal TFC na Gníomhaireachta a críochnaíodh in 2011. Tá plean deiridh an tionscadail ar fáil ón tionscadal TFC ar an láithreán gréasáin. Díreoidh gníomhaíochtaí an tionscadail ar athbhreithniú ar fhaisnéis faoin mbeartas agus ar litríocht faoin taighde a bhaineann le TFC a úsáid in oideachas ina gcuimsítear gach dalta. Beidh sé dírithe chomh maith ar fhaisnéis a bhailiú i ndáil le beartas agus cleachtas na dtíortha atá rannpháirteach le haghaidh TFC do Chuimsitheacht i dtaca leis na cúig théama a aithnítear don tionscadal seo. Beidh gach gné den tionscadal ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta ó 2012 i leith.

Cur chun feidhme an Bheartais maidir le hOideachas Cuimsitheach a Mhapáil (MIPIE)

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bliana, a tosaíodh i Samhain 2010, moltaí atá soiléir a chur ar fáil do lucht déanta beartas, ar moltaí iad a mhapálann cur chun feidhme an bheartais d'oideachas cuimsitheachta. Dhírigh gníomhaíochtaí lárnacha an tionscadail ar dhá chomhdháil a tionóladh in 2011. Tá na hábhair ar fad chomh maith le tuarascálacha iomlána ón dá chomhdháil ar fáil anois ó limistéar tionscadal MIPIE ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta: http://www.european-agency.org/agency-projects/mapping-the-implementation-of-policy-for-inclusive-education. Tá léargas ginearálta de na nósanna imeachta chun sonraí a bhailiú atá in úsáid i ngach tír á gcur i gcrích faoi láthair agus beidh siad ar fáil go gairid ar an láithreán gréasáin. Tá an tuarascáil dheiridh faoin tionscadal ina gcuirtear moltaí i láthair don obair mhapála amach anseo dréachtaithe agus seolta chuig gach saineolaí tionscadail agus chuig na hionadaithe tíre ina lorgaítear tuairimí uathu. Cuirfear an cháipéis seo i gcrích agus gabhfaidh achoimre de na moltaí léi a aistríodh go gach teanga na Gníomhaireachta faoi dheireadh 2011.

Nuashonrú: Gníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt in Oideachas Riachtanas Speisialta

Soláthar inrochtaine faisnéise d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil (r-rochtain)

Is iad príomhaidhmeanna an tionscadail seo ná:

- beartais agus caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin maidir le hinrochtaine faisnéise mar bhunús d'impleachtaí agus cur chun feidhme praiticiúil an tsoláthair faisnéise inrochtaine i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a phlé agus
- moltaí soiléire a chur ar fáil ar féidir le soláthróirí faisnéise iad a úsáid ar fud na hEorpa chun tacaíocht a thabhairt d'fhaisnéis inrochtaine a sholáthar d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil do gach foghlaimeoir de réir mar is gá.

Ba é ceann de na príomhghnéithe i bplean oibre an tionscadail ná comhdháil f-rochtana (i-access) a tionóladh i Meitheamh 2011. Tá suirbhé ar bheartas f-rochtana agus bailiúchán samplaí f-rochtana cleachtas curtha i gcrích agus tá aiseolas á bhailiú maidir le tuarascáil na comhdhála. Tá sraith moltaí atá beartaithe maidir le f-rochtain á dréachtú faoi láthair agus teachtaireachtaí lárnacha na comhdhála á gcur san áireamh chomh maith le torthaí ón suirbhé agus athbhreithniú ar bheartas. Roimh an mbailchríoch a chur ar na moltaí sin, beidh aiseolas ón dréacht ag teastáil ó na saineolaithe agus na hionadaithe tíre.

Beidh an t-ábhar ar fad ar fáil ar limistéar gréasáin an tionscadail ag: http://www.european-agency.org/agency-projects/i-access.

Saineolaithe na hÉireann a oibríonn ar an tionscadal seo ná Madeline Hickey, Leas-Stiúrthóir, an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (SESS) agus Shane Hogan, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA).

Mórghníomhartha a fheabhsú do gach foghlaimeoir – Cáilíochtaigh in Oideachas Cuimsitheach (RA4AL)

Cuireadh tús le tionscadal RA4AL i Samhain 2011 agus tá sé mar aidhm aige faisnéis a chur ar fáil do lucht déanta beartas maidir le hoideachas ar ardchaighdán i dtimpeallachtaí ina gcuimsítear gach duine mar straitéis chun mórghníomhartha a fheabhsú do gach foghlaimeoir. Beidh an tsaincheist sin á plé le linn comhdháil Eorpach d'ionadaithe tíre chomh maith le dhá ghrúpa de gheallsealbhóirí lárnacha: lucht déanta beartas d'oideachas atá ginearálta agus cuimsitheach agus taighdeoirí oideachais. Beidh an chomhdháil á tionóil i Meitheamh 2012 le linn Uachtaránacht na Danmhairge ar an AE.

Beidh na torthaí ó thionscadal RA4AL á n-úsáid mar bhunús d'obair forbartha sna tionscadail fhadtéarmacha a aithnítear cheana féin i gclár oibre ilbhliantúil na Gníomhaireachta

Gairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET) Cuairt Staidéir: Beartas agus Cleachtas in Oideachas Riachtanas Speisialta – Baile Átha Cliath 15ú-17ú Samhain 2011

Is é príomhchuspóir an tionscadail seo príomhghnéithe clár VET d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus a scrúdú, ar foghlaimeoirí iad atá idir 14 agus 25 bliain d'aois agus a bhfuil nasc soiléir acu le deiseanna fostaíochta.

Díríonn gníomhaíochtaí tionscadail VET go mór mór ar chleachtais tíre VET trí chuairteanna staidéir. Tá baint ag 27 tír leis an tionscadal. Is é an cuspóir atá ann ná anailís a dhéanamh ar shampla amháin de chleachtas i ngach tír a bhaineann leis an tionscadal. Tá 17 gcuairt staidéir curtha i gcrích cheana féin.

Bhí cuairt staidéir na hÉireann ar siúl idir an 15ú agus an 17ú Samhain 2011. Rannpháirtithe a bhí san áireamh ar an gcuairt staidéir ná Inge Plackle, An Bheilg, Edgar Pereira, An Phortaingéil, Harald Weber, (Ball foirne na Gníomhaireachta) agus saineolaithe tíre na hÉireann, Rory O'Sullivan, Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Chill Easra agus Finn O'Murchu, Cigire, DES.

Le linn na cuairte staidéir, thug Seamus Hempenstall Príomhoifigeach, An Roinn Breisoideachais, DES, cur i láthair ar achoimre ar Bhreisoideachas agus ar Bhreisoiliúint in Éirinn, thug Mary Lyons ó FÁS cur i láthair ar Shainoiliúint a Sholáthar in Éirinn. Thug an grúpa cuairt ar Ionad Oiliúna Theach Naomh Mhichíl, an Chúlóg, Coláiste Breisoideachais Chill Easra agus an Clinic Lárnach √çocshláinteach – Ionad Oiliúna agus Forbartha, Cluain Tarbh.

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht Eorpach buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine go léir a rinne éacht chun go mbeadh rath ar an gcuairt seo, go mór mór na foghlaimeoirí go léir, nach beag iad, agus bhí na cuairteanna ar na hionaid fiúntach de bharr na ndaoine sin.

C go D Edgar Pereira, An Phortaingéil, Rory O'Sullivan, Saineolaí Thír na hÉireann agus Inge Plackle, An Bheilg

Foilseacháin na Gníomhaireachta 2011

Rannpháirtíocht in Oideachas Cuimsitheach – Creat chun Táscairí a Fhorbairt. Léirítear sa tuarascáil seo na príomhthorthaí ón dara chéim de thionscadal na dTáscairí a raibh sé mar aidhm aige múnla a fhorbairt chun rannpháirtíocht a thuiscint de réir chomhthéacs an oideachais chuimsithigh.

Oideachas Múinteoirí ar fud na hEorpa maidir le Cuimsitheacht – Dúshláin agus Deiseanna. Is tuarascáil sintéise é seo atá bunaithe ar thorthaí an tionscadail théamaigh i ndáil le hOideachas Múinteoirí maidir le Cuimsitheacht.

Tá cáipéis i sraith na bPrionsabal Lárnach atá dírithe ar lucht déanta beartas agus ar chleachtóirí díreach comhaontaithe agus foilseofar é ag deireadh 2011. Foilsíodh dhá thuarascáil cheana féin sa tsraith seo. Cuirfear sintéis ar fáil leis an gcáipéis is déanaí de na príomhthorthaí a d'eascair as obair théamach na Gníomhaireachta maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú i soláthar príomhshrutha oideachais.

Tá faisnéis ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta: http://www.european-agency.org/.

Sonraí teagmhála d'ionadaithe na hÉireann ag an nGníomhaireacht Eorpach

Comhalta Ionadaí Náisiúnta an Bhoird:
Don Mahon, Leas Phríomhchigire,
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Comhordaitheoir Náisiúnta:
Mary Byrne, Comhairleoir Speisialta Oideachais,
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ar an 7ú Samhain 2011rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Éisteacht Eorpach a óstáil i bParlaimint na hEorpa saBhruiséil. Beartaítear leis an ócáid seo an deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa a dtuairimí maidir le hOideachas Cuimsitheach a chur in iúl. Bhí 31 toscaireacht (lena n-áirítear 88 toscaire óga) ó 27 tír páirteach san ócáid. D'fhreastail ionadaithe oifigiúla ó na hAireachtaí, na hInstitiúidí Eorpacha agus ó na heagraíochtaí lárnacha Eorpacha agus idirnáisiúnta ar an Éisteacht chomh maith, agus bhí 250 rannpháirtí ar an iomlán.

D'fhreastail daoine óga atá faoi mhíchumas nó nach bhfuil agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus thug siad a dtuairimí, bunaithe ar a dtaithí féin. Mar ionadaíocht na hÉireann, bhí Dean Kelly agus Robert Boyle, Pobalscoil Rosmini, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 agus Simon McDougall, Scoil Naomh Iosaef do Bhuachaillí atá Bodhar, An Chabrach. Bhí na daltaí in éineacht lena múinteoirí Donal Digan Pobalscoil Rosmini agus Joy Kealy, Scoil Naomh Iosaef.

Tá na chéad torthaí de Thuairimí na nÓg maidir le hOideachas Cuimsitheach – Éisteacht Pharlaimint na hEorpa 2011 ar fáil anois le híoslódáil ó limistéar gréasáin Éisteacht na hEorpa ag: http://www.european-agency.org/news/the-initial-results-of-the-2018young-views-on-inclusive-education2019-hearing. Beidh ráitis uile na dtoscairí san áireamh sna torthaí deiridh ón éisteacht agus tá an Ghníomhaireacht Eorpach ag súil le hiad a fhoilsiú gan mhoill.

Eagraíonn an Ghníomhaireacht an ócáid seo gach ceithre bliain agus beidh an chéad Éisteacht eile á reáchtáil sa Bhruiséil in 2015.

Is féidir Airteagail a d'fheadfaí a fhoilsiú agus ráitis faoin nuachtlitir a chur chuig newsletter@ncse.ie.